

CLÁR AN FHÓMHAIR

AUTUMN PROGRAMME



Meán Fómhair - Samhain 2019
September - November 2019

CULTÚRLANN

M^cADAM Ó FIAICH

CIARÁN MAC SHOLLA BHÉIN, STIÚRTHÓIR / DIRECTOR



Tá an samhradh imithe uainn agus séasúr óir an fhómhair os ár gcomhair. Am leis an chorp agus leis an anam a ghlanadh. Ar an téama sin, cuireann sé lúcháir mhór orm bheith ag cur tús le m'aistear nua féin mar Stiúrthóir Chultúrlann McAdam Ó Fiaich. Fáilte mhór chroíuil a chuir foireann, bord agus pobal an ionaid speisialta seo romham agus tá súil agam gur féidir liom cur leis an obair iontach atá beagnach 30 bliain ag fás.

Mar is nós, beidh neart imeachtaí tarraingteacha ann do gach aoisghrúpa agus dár ndóigh, tosóidh ranganna Gaeilge s'againn arís gan mhoill agus scoth na múinteoirí ag freastal ar gach leibhéal. Beidh Na Bopóga agus Scoil Drámaíochta Aisling Óg faoi lán seoil arís mar aon leis an iliomad ranganna éagsúla ó ióga go hamhránaíocht. I measc na dtaispeántas ealaíne álainn atá le bheith againn sna míonna amach anseo, beidh taispeántas a mbíonn ár gcroí istigh ann i gcónaí, is é sin taispeántas ealaíne bliantúil dhaltai Coláiste Feirste. Ábhar mór spreagtha dúinn Scoil Cheoil na Cultúrlainne, atá le toiseacht don chéad uair i mí Dheireadh Fómhair, agus a chuirfidh deis eile ar fáil do dhaoine óga an cheantair iad féin a thumadh i gcultúr na nGael. Nuair a chuirtear na ceolchoirmeacha agus na drámaí a bheas ann (agus go leor leor eile...) lena bhfuil luaite agam thuas, is cinnte go mbeidh rud éigin ann do chách sa chlár dhraíochtúil, chuimsitheach seo.

Dúirt Ard-Mhéara Bhéal Feirste le déanaí go raibh "Na healaíona agus na féilte ag tiomáint chlaochlú na cathrach seo". Déanfaidh muid cinnte de go mbeidh gné láidir Ghaelach, dhúchasach ag baint leis an chlaochlú chéanna. Bígí Linn!

Summer has left us and the golden season of Autumn lies before us. A time to renew the body and the soul, a time of renewal and revival. On that theme, it's a source of great pleasure to me to begin my journey as the Director of Cultúrlann McAdam Ó Fiaich. I received a warm welcome from the staff, board and the wider community of this special place and I hope to add to the incredible work which has been growing for almost 30 years. As usual, we have a great programme of events for every age group, and of course our Irish language classes begin again soon with the best of teachers at every level.

Na Bopóga and the Aisling Óg drama school will be in full flight, along with any number of classes from yoga to singing. Among the beautiful art exhibitions that we're looking forward to in the coming months we have one that is always close to our hearts, the annual exhibition by the students of Coláiste Feirste.

We're very excited about the new Cultúrlann Music School beginning in October, providing yet another opportunity for young people in this area to immerse themselves in Irish culture. Between all of this, and the plays and the concerts (and plenty more besides...) there's certainly something for everyone in this fantastic programme.

Bígí linn!

MEÁN FÓMHAIR SEPTEMBER



08/09/2019 10km na Ceathrún Gaeltachta

9:00am Gaeltacht Quarter 10km



10/09/2019 Tús an téarma do na Ranganna Ióga Beginning

6:30pm of Yoga Classes



11/09/2019 Tús an téarma do na Ranganna Gaeilge

6:00pm Beginning of term for Irish Language Classes



12/09/2019 Tús an téarma do na Ranganna Amhránaíochta

7:00pm Beginning of term for Singing Classes



12/09/2019 Tús an téarma do Chór Loch Lao

7:00pm Beginning of term for Cór Loch Lao



15/09/2019 Céilí na Míosa

8:00pm Monthly Céilí



16/09/2019 Tús an téarma do Chumann Óige na bhFál

6:00pm Beginning of term for Falls Youth Club



19/09/2019 Seoladh taispeántais: Coláiste Feirste

7:00pm Exhibition launch: Coláiste Feirste



20/09/2019 Cúrsa cultúrtha: Oscail an Doras

10:30am Cultural course: Open the Door



20/09/2019 Lá Cultúir: Dánta sa Dánlann le Noeleen Ní Cholla

12:30pm Culture Day



28/09/2019 Tús an téarma do Na Bopóga

11:00am Beginning of term for Na Bopóga



28/09/2019 Tír na hEalaíne: Ceardlann ealaíne do pháistí

12:00pm Art workshop for children

28/09/2019 Tús an téarma d'Aisling Óg

1:00pm Beginning of term for Aisling Óg


DEIREADH FÓMHAIR OCTOBER

	01/10/2019	Tús an téarma do na Babaithe Cultúir
	10:00am	Beginning of term for Culture Babies
	01/10/2019	Tús an téarma do Scoil Cheoil na Cultúrlainne
	4:30pm	Beginning of term for the Cultúrlann Music School
	01/10/2019	Tús an téarma don Rang Gaeilge do Pháistí
	4:00pm	Beginning of term for Irish Class for Children
	12/10/2019	Caifé Deisiúcháin
	10:00am	Repair Café
	13/10/2019	Céilí na Míosa
	8:00pm	Monthly Céilí
	19/10/2019	Seoladh Leabhair: Seal S'agamsa
	1:00pm	Book Launch
	29-30/10/2019	Dráma
	8:00pm	Drama: Spliced by Timmy Creed
	31/10/2019	Siamsaíocht Oíche Shamhna do pháistí
	12:00pm	Halloween Entertainment for children

SAMHAIN / NOLLAIS NOVEMBER / DECEMBER

	06/11/2019	Dráma: Medea le hEoiripidéas
	8:00pm	Drama
	07/11/2019	Seoladh taispeántais
	7:00pm	Exhibition launch: Blood, Sweat and Felt
	07/11/2019	Seoladh taispeántais
	7:00pm	Exhibition launch: Abandoned; Not Forgotten?
	17/11/2019	Céilí na Míosa
	8:00pm	Monthly Céilí
	27-29/11/2019	Dráma: Is iomaí rud a tharla le Nuala Ní Néill
	8:00pm	Drama
	06/12/2019	Ceolchoirm: Dàimh
	8:00pm	Concert
	07/12/2019	Ceolchoirm: SuperCéilí
	9:00pm	Concert

CULTÚRLANN MCAODAM Ó FIAICH



bia

CAFÉ BASED IN THE CULTÚRLANN

Uaireanta Oscailte / Opening Hours:

Dé Luain / Monday:	9:00am – 5:30pm
Dé Máirt / Tuesday:	9:00am – 5:30pm
Dé Céadaoin / Wednesday:	9:00am – 5:30pm
Déardaoin / Thursday:	9:00am – 5:30pm
Dé hAoine / Friday:	9:00am – 9:00pm
Dé Sathairn / Saturday:	9:00am – 5:30pm
Dé Domhnaigh / Sunday:	10:00am – 4:00pm

www.biabelfast.ie

028 9096 4184


oisin@biabelfast.ie

Suite i gcroílár na Ceathrún Gaeltachta, i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, tá Bia ina chaifé agus ina bhialann do Ghaeil agus do chairde na Gaeilge agus na n-ealaíon. Tá rogha gach bí agus togha gach dí ar fáil sa bhialann, agus cócaireacht den chaighdeán is airde. Bígí linn!

Le tábla a chur in áirithe, cuir glaoch orainn ar 02890 964184.

Situated in the heart of the Gaeltacht Quarter, in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, Bia is a café-restaurant where you are guaranteed a warm Irish welcome and a 'cúpla focal' or more. Bia offers the best of Belfast food and drink, prepared to the highest standards and ready to order. Come and join us!

To book a table, call us on 02890 964184.



AN CEATHRÚ PÓILÍ IRISH LANGUAGE BOOK AND GIFT SHOP

Uaireanta Oscailte / Opening Hours:

Dé Luain / Monday:	9:00am – 5:30pm
Dé Máirt / Tuesday:	9:00am – 5:30pm
Dé Céadaoin / Wednesday:	9:00am – 5:30pm
Déardaoin / Thursday:	9:00am – 5:30pm
Dé hAoine / Friday:	9:00am – 5:30pm
Dé Sathairn / Saturday:	9:30am – 5:00pm
Dé Domhnaigh / Sunday:	1:00pm – 4:00pm



www.anceathrupoili.com



028 9032 2811




eolas@an4poili.com



Tá An Ceathrú Póilí ar an fhód le breis agus 30 bliain anois. Is ann a gheobhfar éagsúlacht mhór leabhar do gach aoisghrúpa mar aon le cártaí ócáide, CDanna agus féiríní. Suite i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, is mol litríochta fáilteach é an siopa do leabharbháigh, ceardaithe agus éisteoirí ceoil – tá fearadh na fáilte romhat isteach!

Celebrating over 30 years as an independent bookseller, An Ceathrú Póilí is Belfast's Irish language and Irish interest bookshop with a diverse catalogue of books from history and biography to children's tales and learning resources. Based in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, An Ceathrú Póilí is a welcoming hub for readers, craftspeople and music lovers – everyone is very welcome!


www.anceathrupoili.com



SEOMRAÍ AR CÍOS SPACES TO RENT

Tá réimse leathan spásanna ilúsáide againn anseo i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich. Tá na seomraí foirfe le haghaidh cruinnithe, taispeántais, ceolchoirmeacha, ócáidí sóisialta agus go leor, leor eile. Le tuilleadh eolais a fháil, liosta praghsanna a fheiceáil nó le seomra a chur in áirithe, gabh chuig www.culturlann.ie nó cuir glaoch orainn ar 028 9096 4180.

We have a wide range of versatile rooms available for hire here at Cultúrlann McAdam Ó Fiaich. The rooms are perfect for meetings, exhibitions, concerts, social gatherings and much more. For more information, to see a list of prices or to book a room, go to www.culturlannn.ie or call us on 028 9096 4180.



*Seomra Boird
Board Room*



*Seomra Ranga
Classroom*



An Taiscumar




Na Ballaí Bána



Dánlann Dillon



*Amharclann
Mhic Cionnaith*



RANGANNA GAELIGE IRISH LANGUAGE CLASSES

Dátaí / Dates 11/09/2019 - 16/11/2019
Am / Time: 7:00pm - 9:00pm
Áit / Place: Seomraí Éagsúla / Various
Costas / Cost: £35/£30 lacáiste/concession
Clárú / Register: www.culturlann.ie


Glan-tosaitheoirí: Foirfe do dhaoine nár fhoghlaim Gaeilge ar bith riamh agus ar mhaith leo triail a bhaint aisti. Is bonn den scoth é an rang seo do d'aistear teanga, a leagfaidh síos bunchlocha na teanga agus nathanna coitianta.

Bunrang: Tá an rang seo foirfe dóibh siúd a bhfuil cúpla focal acu ach atá ag toiseacht amach, a bheag nó a mhór. Cuirfear le do stór eolais ar an teanga agus foghlaimeoidh tú an dóigh le habairtí bunúsacha a chur le chéile agus ceistanna bunúsacha a fhreagairt.

Meánrang: Oireann an leibhéal seo do dhaoine atá i ndiaidh bogadh ar aghaidh ó na céimeanna núíosacha, agus atá ag éirí níos muiníní as a gcumas sa Ghaeilge. Sna ranganna seo, foghlaimeoidh tú dul cainte níos casta agus cuirfidh tú le do stór focal sa teanga.

Ardrang: Foirfe do dhaoine atá muiníneach as a gcuid Gaeilge cheana agus ar mhaith leo tógáil ar a líofacht agus a scileanna teanga. Cuireann Leibhéal 4 béim ar úsáid na scileanna atá agat, agus ar leanúint ar aghaidh le forbairt teanga go neamhspleách.

Beidh múinteoirí ar fáil ó 6.00pm ar an oíche chláráithe le cuidiú leat cinneadh a dhéanamh faoin leibhéal is fóirsteanáí duit.




Total Beginners: Our Total Beginners' class is perfect for those who have no Irish and would like to give it a try. This class is the ideal foundation for your language journey, starting out with simple words and phrases.

Beginners: Ideal for anyone who has a cúpla focal but is more or less starting out. Here you will develop your knowledge of Irish, and learn how to form basic sentence constructions and answer simple conversational questions.


Intermediate: This level is best suited to those who have moved on from the beginner stage and are beginning to feel confident speaking Irish. In these classes, you will learn to form more complex sentence constructions and expand your vocabulary in Irish.

Advanced: This level is perfect for those who are already quite confident with their Irish, and would like to build on basic fluency and develop their language skills. Our advanced class is all about putting the skills you have learned to use and continuing to build on them more independently.

Tutors will be available from 6.00pm on the night of registration to help you decide which level you feel is best suited to your skills.



OSCAIL AN DOORAS OPEN THE DOOR



Dátaí / Dates: 11/09/2019 - 25/10/2019
Am / Time: 7:00pm - 9:00pm
Áit / Place: Seomraí Éagsúla / Various
Costas / Cost: £25/£20 lacáiste/concession
Clárú / Register: www.culturlann.ie



Diarmuid Breslin

Cúrsa 6 seachtaine a chuimsíonn gnéithe de theanga agus de chultúr na Gaeilge, agus a thugann léargas ar na dóigheanna difriúla a bhfuil an Ghaeilge curtha i láthair sa chaint agus sa timpeallacht. Ní cúrsa teanga é seo.

Ábhair a phléifear:

- Logainmneacha
- Sloinnte
- Béarla na hÉireann
- Stair na Teanga
- Teangacha Ceilteacha
- An Ghaeilge sa lá atá inniu ann

6 week course covering aspects of the Irish language and culture, giving insight into the many ways Irish is represented in our speech and environment. This is not a language course.

Topics to be covered

- Placenames
- Surnames
- Hiberno-English
- History of the Language
- Celtic language
- Irish today

NA SAOITHE SAN LOCHT PENSIONERS' IRISH CLASS



Lá / Day: Maidin Dé Céadaoin / Wednesday Morning
Am / Time: 10:00am - 12:00pm
Áit / Place: Seomra ranga / Classroom
Costas / Cost: Saor in aisce / Free
Clárú / Register: Buail isteach / Call in

Buail isteach chuig Rang na bPinsinéirí a bhíonn ar siúl gach Céadaoin sa Chultúrlann. Rang neamhfhoirmeálta atá ann le go leor béime ar chora cainte agus ar fhrásaí úsáideacha.

Call in to the Pensioners' Irish Language class which is on every Wednesday here in the Cultúrlann. It's an informal class with plenty of emphasis on turns of phrases and conversation tips.

10 KM NA CEATHRÚN GAELTACHTA GAELTACHT QUARTER 10KM

Beidh 10km na Ceathrún Gaeltachta ar siúl 8 Meán Fómhair 2019 agus arís eile beidh an t-imeacht ag díriú ar ardú feasachta ar dheonú orgán. Tosaíonn agus críochnaíonn an rás ag Cultúrlann McAdam Ó Fiaich.

The Gaeltacht Quarter 10km will take place on 8 September 2019 and once again is focusing on raising awareness for organ donation. The race begins and finishes at Cultúrlann McAdam Ó Fiaich


Tuilleadh eolais / More information:

www.facebook.com/Donate4Daithi/




ÍOᅒA LE ᅒUNLA YOGA WITH ᅒUNLA

Dátaí / Dates	10/09/2019 - 12/11/2019
Am / Time:	6:30pm - 7:30pm
Áit / Place:	Na Ballaí Bána
Costas / Cost:	£4.00 / £3.00 lacáiste / concession
Clárú / Register:	Buail isteach / Call in




Breathnaíonn an rang seo ar éagsúlachtaí struchtúir, feasachta, análaithe agus gluaiseachta. Tá sé fóirsteanach do lucht bunleibhéil agus meánleibhéil araon. Fáilte roimh chách. Cuirfear mataí ióga ar fáil.

This class explores different variations of structure, awareness, breathing and movement. Perfect for beginners and intermediate level. Everyone welcome. Yoga mats provided.



CÉILÍ NA MÍOSA MONTHLY CÉILÍ




Dátaí / Dates 15/09/2019, 13/10/2019 & 17/11/2019
Am / Time: 8:00pm
Áit / Place: Amharclann Mhic Cionnaith
Costas / Cost: £6.00 (Suipéar san áireamh / Supper included)
Clárú / Register: Buail isteach / Call in

Faoi stiúir Claire Hughes, bíonn oíche iontach ann ag an chéilí gach mí. Scoth an cheoil, an chairdis agus an rince le ceol beo le fuinneamh a thabhairt do na rinceoirí. Tá céilí s'againn fóirsteanach do dhamhsóirí déanta agus d'fhoghlaimoirí. Bígí linn!

With Claire Hughes at the helm, Céilí na Míosa is always a great night in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich with live music to give energy to the dancers. Our céilí is suitable for everyone as all newcomers will be guided through the dances. Bígí linn!

OÍCHE SÍOL


Dátaí / Dates 07/09/2019 & 30/11/2019
Am / Time: 8:00pm
Áit / Place: Dánlann Dillon
Costas / Cost: Síntiús / Donation
Clárú / Register: Buail isteach / Call in



Oíche ar leith shiamsaíochta arna cur i láthair ag Clara Ní Ghiolla. Bíonn scoth an cheoil, na cuideachta agus na nduaiseanna deasa ag Oíche Síol. Cuirtear fáilte roimh gach duine amhrán nó scéal a rá, nó cúpla port a bhualadh. Téann gach fáltas ón oíche chuig an iliomad carthanachtaí a dtugann Síol tacaíocht dóibh. Crannchur ar an oíche do chách a cheannaíonn ticéad.

A special night of entertainment presented by Clara Ní Ghiolla. Oíche Síol is always a great night of music and company, not to mention the prize draw. We welcome anyone who wants to sing a few songs, play a few tunes or tell a story. All proceeds raised go to the many good causes that Síol supports. Free entry into prize draw with every ticket purchased.

CAIFE DEISIÚCHÁIN REPAIR CAFÉ





Dátaí / Dates	12/10/2019
Am / Time:	10:am - 1:00pm
Áit / Place:	Dánlann Dillon
Costas / Cost:	Saor ach fáilte roimh shintíúis Free but donations welcome
Clárú / Register:	Buail isteach / Call in

Cuidíonn Caiféanna Deisiúcháin le daoine a gcuid earraí a fháil deisithe saor in aisce, earraí a bheadh caite i dtraipisí i gcúl cófra tranglainn nó i láithreán líonadh talún murach sin. Scaip an scéal, a chairde, ar dhaoine agus ar ghrúpaí eile a mbeadh suim acu ann agus le chéile is féidir linn an togra seo a chur ar bun i mBéal Feirste. Buailigí isteach agus tógaigí aon rud briste libh agus déanfar gach iarracht é a dheisiú, saor in aisce!

Repair Cafés help people to get stuff fixed for free; stuff that may otherwise lie unloved at the back of a cluttered cupboard or end up in landfill when it could be brought back to life. Please help spread the word to other people and groups who may be interested and together we can make this happen in Belfast! So be sure to call in and bring with you any possession that is broken and every effort will be made to restore it, free of charge!

Tuilleadh eolais / More information: <https://www.facebook.com/RepairCafeBelfast/>





FLEADH FEIRSTE FÉILE NA CEATHRÚN GAELTACHTA GAELTACHT QUARTER FESTIVAL

Dátaí / Dates:


04/12/2019 - 08/12/2019

Tuilleadh Eolais / Mor information:

www.culturlann.ie


Fleadh Feirste: Féile na Ceathrún Gaeltachta Féile ilchultúrtha bhríomhar atá i bhFleadh Feirste a dhéanann ceiliúradh ar oidhreacht Bhéal Feirste mar chathair cheannródaíoch na Gaeilge. Tá cúis cheiliúrtha ar leith againn i mbliana agus muid ag ceiliúradh 50 bliain ó thóg muintir Bhóthar Seoighe an chéad Ghaeltacht uirbeach sa tír, agus na bhforbairtí pobail agus oideachais a d'eascair as an ghníomh sin. Bain sult as ceol traidisiúnta, taispeántais ealaíne, imeachtaí filíochta agus imeachtaí do pháistí. Ar bhuaicphointí na féile tá sár-eispéireas ceoil le Dàimh, seó Nollag Aisling Óg, 'SuperCéilí', dráma nua le hAisling Ghéar: "Is Iomaí Rud a Tharla – The Story of the Irish Houses", lasadh shoilse na Nollag agus neart eile.

Clár iomlán na féile le teacht go luath!




Fleadh Feirste is a vibrant cultural festival celebrating Belfast's heritage as Ireland's leading Irish language city. This year we also celebrate 50 years since the Shaw's Road families built the first urban Gaeltacht community and the developments which followed from that initial seed. Enjoy traditional music, art exhibitions, poetry events and activities for children. Highlights include the phenomenal musical experience that is Dàimh, Aisling Óg's Christmas show, renowned SuperCéilí, Aisling Ghéar Theatre Company's new drama "Is Iomaí Rud a Tharla – The Story of the Irish Houses", the switching on of the Christmas lights and plenty more.

Full festival programme coming soon!



SEOLAÍH LEABHAIR: SEAL S'AGAMSA BOOK LAUNCH



Club Leabhar Choiscéim Feirste

Seal S'Agamsa le hAnraí Mac an Ultaigh

Dátaí / Dates: 19/10/2019

Am / Time: 1:00pm

Áit / Place: Dánlann Dillon

Costas / Cost: Saor in aisce / Free

Clárú / Registration: Buail isteach / Call in

Leabhar é seo a bhfuil muid ag tnúth go mór leis le fada an lá – mar a mealladh Anraí tríd dhoirse Chumann Chluain Árd go bhfuair galar na Gaeilge greim ceart scornaí air. Sna finéid shéimhe ghreannmhara seo, faightear cur síos ar thuras atá déanta ag a lán de phobal na Gaeilge cheana féin agus níos mó arís ina bhun sa lá atá inniu ann. Cuirfear sólaistí ar fáil.

Aoi speisialta: Seán Mac Seáin

All welcome to join us when Seán Mac Seáin will launch this long-awaited memoir by well-known local author, Anraí Mac an Ultaigh. Refreshments provided.





SEAN-NÓS NUA



SCOIL CHEOIL TRADISIÚNTA NA CULTÚRLAINNE

CULTÚRLANN TRADITIONAL MUSIC SCHOOL

Dátaí / Dates 01/10/2019
Am / Time: 4:30pm – 6:00pm
Áit / Place: Seomraí Éagsúla
Costas / Cost: £30.00 (feadóg stáin san áireamh / tin whistle included)
Clárú / Register: www.culturlann.ie

Tá an-áthas ar Chultúrlann McAdam Ó Fiaich a fhógairt go mbeidh scoil úr cheoil á seoladh againn i mbliana do dhaoine óga, le hEdel Ní Churraoin. Díreoidh an scoil ar na healaíona dúchasacha idir cheol, dhamhsa agus scéalaíocht trí mheán na Gaeilge. Beidh éagsúlacht gníomhaíochtaí idir lámha sa chéad téarma lena n-áirítear an fheadóg stáin, lúibíní, scéalaíocht agus damhsa ar an tsean-nós. Tá na ranganna fóirsteanach do dhaoine óga idir cúig bliana d'aois agus dhá bhliain déag. Tabhair faoi deara go mbeidh páistí scartha i ngrúpaí de réir aoise agus go mbeidh líon teoranta spásanna ann.

Cultúrlann McAdam Ó Fiaich is delighted to announce that we are launching a new music school for young people this year, with Edel Ní Churraoin. The school will focus on the traditional arts including music, dance and storytelling through Irish. There will be a mixture of activities in the first term including tin whistle, lúibíní, storytelling and sean-nós dancing. The classes are suitable for children from 5 to 12 years of age. Please note that children will be divided into groups based on age, and that spaces are limited.






Dátaí / Dates: 12/09/2019
Am / Time: 6:00pm
Áit / Place: Amharclann Mhic Cionnaith
Costas / Cost: Saor in aisce / Free admission
Clárú / Register: Buail isteach / Call in


RANGANNA AMHRÁNAÍOCHTA SINGING CLASSES

Ranganna seachtainiúla amhránaíochta leis an cheoltóir ildánach, Doimnic Mac Giolla Bhríde.

Weekly singing classes with the multi-talented Doimnic Mac Giolla Bhríde.



CÓR LOCH LAO LOCH LAO CHOIR



Dátaí / Dates: 12/09/2019
Am / Time: 7:00pm
Áit / Place: Amharclann Mhic Cionnaith
Costas / Cost: Saor in aisce / Free admission
Clárú / Register: Buail isteach / Call in

Bíonn Cór na Cultúrlainne, Cór Loch Lao, ag cleachtadh gach Déardaoin ag 7:00pm faoi stiúir Dhoimnic Mhic Giolla Bhríde. Tá fáilte mhór roimh bhaill úra i gcónaí.

Cór Loch Lao, our resident choir, practice each Thursday night under the direction of Doimnic Mac Giolla Bhríde. New members are always welcome.



CEOLCHOIRM: DÀIMH CONCERT


Dátaí / Dates 06/12/2019
Am / Time: 8:00pm
Áit / Place: Amharclann Mhic Cionnaith
Costas / Cost: £10.00
Clárú / Register: www.culturlann.ie

Is banna ceoil iad Dàimh atá lonnaithe i nGarbhchríocha Iarthar na hAlban. Ó phoirt is chora piriteicniúla go dtí bailéid thochtmhara, léiríonn siad gach cineál ceol tíre, agus is ceart go bhfuil clú agus cáil orthu as a gcuid seónna bríomhara.

Taking their name from the Gaelic word for kinship, the “Gaelic Super Group” Dàimh (pronounced dive) are based in the West Highlands of Scotland. From pyrotechnic jigs and reels to achingly poignant ballads, they run the full expressive gamut of folk music at its best, and are justly renowned for their thrilling live shows.

“This is a great Gaelic band and definitely worthy of the title Gaelic Super Group.”


BRIGHT YOUNG FOLK





SCOIL DRÁMAÍOCHTA AISLINY ÓY AISLINY ÓY DRAMA SCHOOL

Dátaí / Dates: 28/09/2019 - 07/12/2019
Am / Time: 1:00pm - 3:00pm
Áit / Place: Amharclann Mhic Cionnaith
Costas / Cost: £50.00 an páiste/per child, £90.00 do bheirt/for two agus £120.00 do thriúr nó níos mó ón aon teaghlach amháin/for three or more in a household
Clárú / Registration: www.culturlann.ie



Beidh scoil drámaíochta na Cultúrlainne 'Aisling Óg' ag toiseacht ar ais an 28 Meán Fómhair ó 1:00pm - 3:00pm. Seo deis iontach do pháistí óga ó Rang 1 ar aghaidh le tógáil ar a scileanna muiníne, cumarsáide agus aisteoireachta chomh maith le spraoi a bheith acu agus bualadh le cairde nua. Déanann muid gach gné de na healaíona a thaiscéaladh, damhsa, ealaín, ceol agus drámaíocht ina measc, le clár spreagúil bríomhar a chomhlíonadh. Bíonn seó againn ag deireadh an téarma lenár gcuid oibre crua a thaispeáint.

Cultúrlann's Drama School 'Aisling Óg' will start back on September 28th from 1pm-3pm. This is a great opportunity for children from Primary 1 and up to build on their confidence, conversational skills and acting abilities, whilst making new friends and having great fun. We explore every aspect of the arts including dance, art, music and drama to fulfil an exciting and engaging programme. We also produce an end of term performance to show off all our hard work.





BABAITHÉ CULTÚIR CULTURE BABIES

Dátaí / Dates: 01/10/2019 - 29/10/2019
Am / Time: 10:00am - 12:00pm
Áit / Place: Dánlann Dillon
Costas / Cost: £4.00 an páiste/per child & £2.00 do gach páiste breise / for every additional child
Clárú / Registration: www.culturlann.ie



Bígí linn le haghaidh sraith nua de Bhabaithe Cultúir, réimse d'eispéiris idirghníomhacha chruthaitheacha a chuireann le samhlaíocht na bpáistí óga trí dheiseanna a thabhairt dóibh triail a bhaint as rudaí nua. Bíonn saoirse acu prágas a dhéanamh agus a gcuid scileanna cruthaitheacha a fhiosrú i spás sábháilte, fáilteach Gaelach. Cé go mbíonn an seisiún seo trí mheán na Gaeilge, tá fáilte roimh gach duine, cibé cumas sa teanga atá acu. Aois: 0-4

Join us for a new series of Babaithe Cultúir (Culture Babies), a range of interactive and creative experiences that support young children's creative expression by enabling them to try new things, and giving them the freedom to get as messy and as creative as they want, in a safe, fun and welcoming Irish language environment. Delivered in Irish, everyone is welcome regardless of their level of fluency in Irish. Age: 0-4

NA BOPÓGA

Dátaí / Dates: 28/09/2019 - 02/10/2019
Am / Time: 11:00am - 12:00pm
Áit / Place: Dánlann Dillon
Costas / Cost: £3.00 an páiste/per child & £5.00 do bheirt / for two
Clárú / Registration: www.culturlann.ie



Ná caill Plúra-Lúra, Nóra Bheag, Daideo, agus a gcairde go léir lena gcuid scéalta, amhrán agus damhsaí a mbainfidh páistí beaga an-spraoi astu agus iad ag cur lena bhforbairt oideachasúil. Maireann an téarma 6 seachtaine agus bíonn topaicí difriúla á gclúdach gach seachtain le suim na bpáistí a choinneáil.

Don't miss Plúra-Lúra, Nóra Bheag, Daideo and all their friends with their stories, songs and dances that small children will enjoy while enhancing their educational development. This term lasts 6 weeks and covers a wide range of topics to keep the children interested.



BUNRANG GAELIGE DO PHÁISTÍ IRISH LANGUAGE CLASS FOR CHILDREN

Dátaí / Dates: 02/10/2019 - 06/11/2019
Am / Time: 4:00pm - 5:00pm
Áit / Place: Seomra Ranga
Costas / Cost: £3.00 an rang / per class
Clárú / Registration: www.culturlann.ie



Seo rang iomlán úr dírithe ar pháistí nach bhfuil ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge. Is iomaí uair a dúirt tuismitheoirí linn gur mhaith leo Gaeilge a bheith ag a gcuid páistí, agus is mar gheall air sin atá muid ag cur na ranganna nua seo ar fáil. Is féidir le páistí bualadh isteach i ndiaidh am scoile le blaisín den teanga a fhoghlaim.

This is an entirely new class designed for children who aren't attending Irish-medium schools. We so often hear from parents that they would love their children to be able to speak Irish, and to that end we are offering this new class. Children can call in after school to get a taste of the language.

CUMANN ÓIGE NA bhFÁL FALLS YOUTH CLUB

Dátaí / Dates: 16/09/2019 - 09/12/2019
Am / Time: 6:00pm - 10:00pm
Áit / Place: Amharclann Mhic Cionnaith
Costas / Cost: £10.00 in aghaidh na bliana agus £1.00 in aghaidh na seachtaine /
 £10.00 annual registration and £1.00 per week
Clárú / Registration: Buail isteach/ Call in



Bíonn Cumann Óige na bhFál ar siúl i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich gach oíche Luain ó 6:00pm - 8:00pm do pháistí bunscoile (idir rang 4 agus rang 7) agus ó 8:00pm - 10:00pm do dhaltai meánscoile (ón chéad bhliain ar aghaidh). Bíonn eispéiris iontacha ag daoine óga agus iad ag glacadh páirt in imeachtaí an chumainn, idir chluichí, cheol, dhráma, chlárí forbartha pearsanta agus a thuilleadh nach iad.

Cumann Óige na bhFál takes place in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich every Monday night from 6:00pm - 8:00pm for primary school pupils (primary 4 to primary 7) and from 8:00pm - 10:00pm for secondary students (from first year on). Young people enjoy taking part in the youth club, with games, music, drama, personal development programmes and trips.



SIAMSAÍOCHT OÍCHE SHAMHNA HALLOWEEN ENTERTAINMENT



Dátaí / Dates: 31/10/2019
Am / Time: 12:00pm - 3:00pm
Áit / Place: Dánlann Dillon
Costas / Cost: Saor in aisce / Free
Clárú / Registration: www.culturlann.ie

Bígí linn le haghaidh shiamsaíocht, scéalaíocht agus spraoi Oíche Shamhna. Beidh cuid mhór imeachtaí ar siúl le linn an lae idir ealaín, mhaisiú, chluichí agus scéalaíocht don teaghlach ar fad le comórtas bréigéide ina measc!

Join us for Halloween entertainment, storytelling and fun. We will have a range of events throughout the day including art, decorating, games and storytelling for the whole family, with a fancy dress costume competition too!

TÍR NA HEALAÍNE: CEARDLANN EALAÍNE DO PHÁISTÍ ART WORKSHOP FOR CHILDREN

Dátaí / Dates: 28/09/2019
Am / Time: 12:00pm - 1:00pm
Áit / Place: Dánlann Dillon
Costas / Cost: Saor in aisce / Free
Clárú / Registration: Buail isteach / Call in




Ceardlann d'ealaíontóirí beaga anseo sa Chultúrlann. Mairfidh an seisiún cruthaitheach seo uair an chloig agus beidh seans ag páistí triail a bhaint as roinnt modhanna ealaíne faoi stiúir an Éascaitheora Ealaíon i dtimpeallacht shultmhar spráíuil. Fáilte roimh shíntiúis dheonacha.

A workshop for little artists here in the Cultúrlann. This creative session lasts for an hour and children get the chance to try out different artistic methods under the direction of the Arts Facilitator in a relaxed and enjoyable atmosphere. Voluntary donations are welcome.

SPliced

by TIMMY CREED



Dátaí / Dates 29/10/2019 – 30/10/2019
Am / Time: 8:00pm
Áit / Place: Amharclann Mhic Cionnaith
Costas / Cost: £12.00 (£10.00 lacáiste / concession)
Clárú / Register: Belfast International Arts Festival

Imríonn Timmy iománaíocht, an spórt páirce is gaiste ar dhroim an domhain. Tá grá aige di. Tá fuath aige di. Iontaofa, cróga agus géar-chúiseach, is cuntas coscrach é "Spliced" ar streachailt s'aige a fhéiniúlacht féin bheith aige taobh amuigh den phobal spóirt inar tógadh é. Tá sé de rún aige féiniúlacht, fireannacht agus meabhairshláinte a chur faoi chaibidil i gcumann spóirt.

Timmy plays hurling, the fastest field sport in the world. He loves it. He hates it. Honest, brave and hard hitting, "Spliced" is a visceral account of his struggle to become an individual outside of the sporting institution that raised him. He wants to talk about identity, masculinity and mental health in a sports club.

"Explosive one-man show"

Sunday Times

"A love song to the GAA"

Tim Crorouch






MÉDEA LE EURIPÍDES LE COMPÁNTAS SPLÓDAR

Dátaí / Dates 06/11/2019
Am / Time: 8:00pm
Áit / Place: Amharclann Mhic Cionnaith
Costas / Cost: £12.00 (£10.00 lacáiste / concession)
Clárú / Register: www.splodar.ie

Is é Medea an dráma is mó cáil de na seanchlasaicí Gréagacha agus coimhlint clainne mar théama dó. Tréigean fear a bhean chéile ar bheagán cúise agus baineann sí díoltas uafásach amach. Tá cáil ar an dráma seo chomh maith mar gheall ar a léiriú ar mheon na mban agus ar an dóigh a dtugtar neamhaird ar a gcearta pearanta. Is í an t-aisteoir mór le rá Tara Breathnach (Anne Boleyn i scannán faisnéise an BBC, *The Last Days of Anne Boleyn* agus May Collingwood in *A Nightingale Falling*) atá i bpáirt Medea agus is gné thábhachtach den léiriú seo an damhsa clasaiceach atá fite fuaite ann.

Medea is the most renowned of the Greek classical dramas with a family conflict at the heart of it. A man abandons his wife with little cause and she exacts terrible revenge. The drama is famous for its portrayal of women's minds when their personal rights are disregarded. Renowned actress Tara Breathnach (Anne Boleyn in the BBC documentary, *The Last Days of Anne Boleyn* and May Collingwood in *A Nightingale Falling*) plays the part of Medea and the classical dancing interwoven into the stage show greatly adds to the production.





IS IOMAÍ RÚD A THARLA LE AISLING GHÉAR

Dátaí / Dates 27-29/11/2019
Am / Time: 8:00pm
Áit / Place: Amharclann Mhic Cionnaith
Costas / Cost: £12.00 (£10.00 lacáiste / concession)
Clárú / Register: www.culturlann.ie



Scéal Ghaeltacht Bhóthar Seoighe The Story of the Shaw's Road Gaeltacht le Nuala Ní Néill

Tá sé caoga bliain ó bunaíodh Gaeltacht Bhóthar Seoighe, nuair a rinne grúpa de lánúineacha óga, a raibh grá acu don Ghaeilge, nuair a rinne siad an socrú cinniúnach an chéad Ghaeltacht uirbeach a bhunú i gcroílár Iarthar Bhéal Feirste. Leanann seó Aisling Ghéar lánúin amháin agus iad ag titim i ngrá, ag pósadh agus ag fíorú a n-aislinge clann a thógáil le Gaeilge agus iad mar chuid de phobal Ghaeltacht Bhóthar Seoighe. Buailfear le carachtair eile fosta: ceannródaithe, maorlathaithe, iad siúd a chuidigh, agus iad siúd a chuir bac ar dhul chun cinn an phobail uathúil, dhícheallaigh seo.

Maireann an dráma uair agus cúig bhomaite déag gan sos.

It is 50 years since the Shaw's Road Gaeltacht was established, when a group of young couples who were passionate about the revival of the Irish language decided to make a momentous decision – to set up the first urban Gaeltacht in the heart of west Belfast. Aisling Ghéar's show follows one couple as they fall in love, marry and begin their dream of raising their family through Irish and becoming part of the Shaw's Road Gaeltacht community. You'll meet a host of other characters, pioneers and bureaucrats and those who helped and hindered the success of this unique, hard-working and dedicated community. The drama lasts for an hour and fifteen minutes without an interval.





TAISPEÁNTAS EALAÍNE CHOLÁISTE FEIRSTE

COLÁISTE FEIRSTE ART EXHIBITION



Dátaí / Dates:	19/09/2019 - 03/11/2019
Seoladh / Launch:	19/09/2019
Am / Time:	7:00pm
Áit / Place:	Dánlann Dillon & Na Ballaí Bána
Costas / Cost:	Saor in aisce / Free admission
Clárú / Register:	Buail isteach / Call in

Is mór an onóir dúinn gach bliain cuireadh a thabhairt d'ealaíontóirí óga díograiseacha Choláiste Feirste a gcuid ealaíne a chur ar taispeáint i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich. Tugann an taispeántas seo spléachadh dúinn ar shaol na n-óg sa cheantar agus ar na hábhair is mó atá mar inspioráid ag na hógánaigh seo. Tá fearadh na fáilte romhat a bheith linn don oscailt oifigiúil, an 19 Meán Fómhair, nuair a dhéanfaidh muid ceiliúradh ar an chumas ealaíne ar leith atá sa phobal áitiúil seo againne.

It is a privilege for us every year to invite young, dedicated artists from Coláiste Feirste to showcase their artwork in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich. This exhibition gives us an insight into the young people in our community and the subjects that inspire them to create their art. You're warmly welcome to join us for the opening on September 19 when we will celebrate the fantastic artistic ability in our community.





TAISPEÁNTAS EALAÍNE

ART EXHIBITION: BLOOD, SWEAT & FELT

Dátaí / Dates: 07/11/2019 - 06/01/2019
Seoladh / Launch: 07/11/2019
Am / Time: 7:00pm
Áit / Place: Na Ballaí Bána
Costas / Cost: Saor in aisce / Free admission
Clárú / Register: Buail isteach / Call in

Is grúpa beag pobail é Cumann F.O.C.U.S do dhaoine fásta a bhfuil sainriachtanais oideachais acu. Tá an cumann lonnaithe i Léana an Dúin agus ó bunaíodh é, tá teagmháil déanta ag baill an chumainn le líonra de theagascóirí agus d'eagraíochtaí éagsúla. Mar sin de, is féidir leo imeachtaí agus deiseanna éagsúla ina bpobal féin agus níos faide amach a aimsiú. Cuireann an cumann chun tosaigh cearta na mball, lena n-áirítear Rogha, Féin-Abhcóideacht agus Saoránacht. Is é aidhm Chumann F.O.C.U.S. tacú le daoine fásta a bhfuil sainriachtanais oideachais acu agus an t-eolas agus na deiseanna a thabhairt dóibh a chuirfidh ar a gcumas a gcuid cúram lae féin a eagrú agus a reáchtáil. Taitníonn an cheardaíocht go mór leis na baill, agus tugadh dúshlán nua dóibh a bhfeiltbhrat féin a dhearadh. Bhí ceardlanna ag an ghrúpa leis an ealaíontóir áitiúil Marie Louise Gormley, agus lean an grúpa leo ag déanamh feiltbhrat ina dhiaidh sin. Is é teideal an taispeántais ná 'Blood, Sweat and Felt'. Doirteadh go leor fola agus go leor deor leis an taispeántas seo a chur i gceann a chéile. Bainigí sult as.




The F.O.C.U.S. Club is a small community group for adults with learning disabilities, based in Lenadoon. Since its inception, Club members have been networking with various tutors and organisations. This has enabled them to access a great variety of activities and opportunities in their local community and further afield. The Club promotes the rights of Choice, Self-Advocacy and Citizenship for all its members. The Focus Club aims to support adults with a learning disability and to give them the knowledge and opportunities to enable them to organise and run their own day care. Members love crafting - and Felting was something new to try. The group had workshops with local artist Marie Louise Gormley and the members carried on Felting. The exhibition is called 'Blood, Sweat and Felt'. There was some blood, some tears, and lots of hard work and sweat, to produce the pictures for the display.



TAISPEÁNTAS EALAÍNE

ART EXHIBITION: ABANDONED, NOT FORGOTTEN



An t-amharc-ealaíontóir Lise McGreevy, bhíodh sí ina fóta-iriseoir agus sa taispeántas seo, léiríonn a cuid grianghraf tithe a tréigeadh i dTír Chonaill. Roghnaigh McGreevy an ceantar sin mar gheall ar a shuíomh ar leith – ó thuaidh ó thaobh na tireolaíochta de ach faoi dhlínse an rialtais ó dheas, agus é ionadaíoch dá réir ar dhá thaobh na teorann. Léiriú ar ár dteangacha, ár gcultúr agus ár n-oidhreacht iad na tithe tréigthe sin agus fiafraítear dinn “an bhfuil siad siúd tréigthe againn mar gheall ar an scoilt pholaitiúil anseo?” An cumadóir ceoil Marie Therese Davis, an file Jim Johnston agus an scannánóir Paul Whittaker, chruthaigh siad saothair bunaithe ar ghrianghraif McGreevy. Taispeánfar saothar Davis agus Johnston leis an taispeántas seo.

Following a career as a photojournalist, the visual artist Lise McGreevy presents this photographic essay depicting abandoned homes in Donegal. The documentary artist chose this location given its unique position – geographically north but under the jurisdiction of the south, thus representing both sides of the border.

The abandoned homes represent our languages, culture and heritage and ask the viewer “have we abandoned these for the sake of the political divide here?” Composer Marie Therese Davis, poet Jim Johnston and film maker Paul Whittaker created original works based on McGreevy photographs. Davis and Johnston work shall be shown alongside this exhibition.

Dátaí / Dates:	07/11/2019 - 06/01/2019
Seoladh / Launch:	07/11/2019
Am / Time:	7:00pm
Áit / Place:	Dánlann Dillon
Costas / Cost:	Saor in aisce / Free admission
Clárú / Register:	Buail isteach / Call in



LE BUÍOCHAS DÁR MAOINITEOIRÍ WITH THANKS TO OUR FUNDERS



LOTTERY FUNDED



Foras na Gaeilge



Belfast
City Council



Department for
Communities





Cultúrlann McAdam Ó Fiaich

216 Bóthar na bhFál

Béal Feirste

BT12 6AH

028 9096 4180

www.culturlann.ie

oifigfaihte@culturlann.ie